**RABHADH**

**Caithfear an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

| |
|---|
| |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008**

**DÉ CÉADAOIN, 18 MEITHEAMH, 2008 – MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL

**(320 marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Cuid I agus **ceithre** cheist as Cuid II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Cuid I.

## CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

## CUID II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná scríobh** freagraí Chuid II ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN II A FHREAGAIRT.**

# CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**1.** Luaigh sampla **amháin** de gach ceann díobh seo:

(i) Costas seasta: ______________________________

(ii) Costas athraitheach: ______________________________

**2.** Mínigh an téarma **Árachas Tríú Páirtí**: ______________________________

______________________________

**3.** Tá Ollfhoirmiú Caipitil lúide ____________ cothrom le Glanfhoirmiú Caipitil.

**4.** Ainmnigh eagraíocht feirmeoireachta **amháin**: ______________________________

**5.** Má thagann ardú 8% ar phraghas ainmniúil earra le linn ráta boilscithe 5% a bheith ann, cad é an fíor-ardú ar phraghas an earra? ______________________________

**6.** Déantar thart ar ____________ % den mhairteoil Éireannach a onnmhairiú gach bliain.

**7.** Mínigh conas a chuireann ardú ar chostas táirgeachta eorna isteach ar chuar an tsoláthair don eorna.

______________________________

______________________________

**8.** Féadfar praghas cothromaíochta a shainmhíniú mar:

______________________________

______________________________

**9.** Ainmnigh an Toisc Tháirgeachta a thuilleann ús: ______________________________

**10.** Tháinig ardú mór ar ioncaim ó tháirgeacht na déiríochta le míonna beaga. Mínigh cén fáth nach dtéann níos mó feirmeoirí le táirgeacht déiríochta in Éirinn.

______________________________

**11.** Déantar an cóimheas leachtachta d'fheirm a shainmhíniú mar chóimheas na sócmhainní ____________ le ____________ reatha.

**12.** Luaigh **dhá** chéim ar bith sa slabhra bia.

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**13.** Féadfaidh feirmeoirí caipiteal nua a fháil ó fhoinsí seachas iasachtaí. Ainmnigh **dhá** fhoinse.

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**14.** Tomhaiseann an **tInnéacs Praghsanna do Thomhaltóirí** ______________________________

______________________________________________

**15.** Luaigh sampla **amháin** san fheirmeoireacht in Éirinn de **gach ceann** díobh seo a leanas:

(i) Táirgí Iomaitheora: ______________________________

(ii) Comhtháirgí: ______________________________

**16.** Cuir sonraí staitistiúla reatha ar fáil maidir leis an Earnáil Talmhaíochta in Éirinn mar atá léirithe thíos.

| | |
|---|---|
| Líon na bhFeirmeoirí Déiríochta in Éirinn | |
| % den Talamh feirmeoireachta in Éirinn a mbíonn féar á fhás air | |

**17.** Cad a thuigeann tú leis an téarma **díchúpláil** i bpolasaí talmhaíochta?

______________________________________________

______________________________________________

**18.** Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna nach miosúr imleor a thuilleadh an t-ioncam ón bhfeirmeoireacht ar ioncam iomlán a lán teaghlach feirmeoireachta.

______________________________________________

______________________________________________

**19.** Tabhair breac-chuntas ar theorainn **amháin** atá le polasaí cabhrach bia a úsáid chun cuidiú le tíortha atá i mbéal forbartha.

______________________________________________

**20.** Sainmhínítear an téarma **Ollchorrlach** mar aschur ______________________ lúide costais

__________________________.

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i gCuid II a fhreagairt..***

# CUID II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná scríobh** freagraí Chuid II ar an gceistpháipéar seo.


**1.** **(a)** Déan cur síos ar an slabhra bia a chríochnaíonn leis an uaineoil a cheannaíonn an tomhaltóir.

**(b)** Mínigh ionchur an fheirmeora sa táirge deiridh a cheannaíonn an tomhaltóir.

**(c)** Mínigh **dhá bhuntáiste eacnamaíochta** agus **dhá mhíbhuntáiste eacnamaíochta** a bhaineann le hallmhairí talmhaíochta go hÉirinn.

**[50 marc]**

**2.** Léiríonn an léaráid thíos an t-éileamh ar **mhuiceoil** agus an soláthar muiceola:



**(a)** Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar agus cuir lipéid ar na haiseanna, ar chuar an tsoláthair agus ar chuar an éilimh, agus ar phraghas cothromaíochta agus ar chainníocht chothromaíochta na muiceola.

**(b)** Mínigh, agus úsáid á baint agat as léaráid ar leith i **ngach** cás, cén tionchar a bheadh ag na hathruithe seo a leanas ar phraghas cothromaíochta muiceola:

**(i)** Ráig BSE sa **tréad mairteola**.
**(ii)** Feachtas rathúil fógraíochta a chuirfeadh in iúl do thomhaltóirí na buntáistí cothaitheacha a bhaineann le **muiceoil** a ithe.
**(iii)** Laghdú ar phraghas **uaineola**.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** athróg a imríonn tionchar ar sholáthar tráchtearra ar bith.

**[50 marc]**

**3.** **(a)** Luaigh **trí** cúis a n-ullmhaíonn feirmeoirí Cuntais Feirme.

**(b)** Baineann na sonraí seo a leanas le feirm theaghlaigh ar a bhfuil duine amháin fostaithe:

| | € |
|---|---|
| Díolacháin lúide ceannacháin | 200,000 |
| Ardú ar fhardail | 5,000 |
| Tomhaltas teaghlaigh | 1,000 |
| Costais athraitheacha | 30,000 |
| Costais sheasta | 36,000 |

Ríomh, agus gach áireamh á thaispeáint agat:

**(i)** Aschur (táirgeacht) na Feirme;
**(ii)** Ollchorrlach na Feirme;
**(iii)** An tIoncam ó fheirm an teaghlaigh.

**[50 marc]**

**4.** **(a)** Mínigh an difríocht idir **sreabhadh airgid** agus **brabúsacht** gnólacht feirme.

**(b)** Mínigh agus luaigh sampla talmhaíochta **amháin** de **gach ceann** de na foinsí airgeadais seo a leanas:

(i) Airgeadas gearrthéarmach;
(ii) Airgeadas meántéarmach;
(iii) Airgeadas fadtéarmach.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** rogha a d'fhéadfadh a bheith ag feirmeoir a mbeadh deacracht aige aisíocaíochtaí iasachta a dhéanamh.

**[50 marc]**

**5.** Sceideal éilimh ar im in Éirinn.

| Praghas an Ime an kg (€) | Cainníocht a Ceannaíodh ina tonaí sa bhliain, ’000 |
|---|---|
| 3.00 | 30 |
| 2.50 | 35 |
| 2.00 | 40 |
| 1.50 | 45 |
| .50 | 50 |

**(a)** Bain úsáid as na sonraí sa tábla thuas agus tóg cuar an éilimh ar an im.

**(b)** ‘Tá fána dhiúltach i gCuar an Éilimh.’ Mínigh an ráiteas seo.

**(c)** Ríomh an t-ioncam a thuillfí le 35,000 tona.

**(d)** Luaigh **trí** thoisc a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le cuar an éilimh ar an im a aistriú.

**[50 marc]**

**6.** Tá 27 ballstát san Aontas Eorpach (AE) faoi láthair agus tá tuilleadh tíortha le dul isteach ann. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** impleacht a d’fhéadfadh a bheith aige ar **gach** ceann díobh seo dá méadófaí an tAontas Eorpach:

**(i)** Feirmeoirí na hÉireann;
**(ii)** Tomhaltóirí na hÉireann;
**(iii)** Margaí saothair an AE.

**[50 marc]**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i gCuid II a fhreagairt.***

Leathanach Bán

Leathanach Bán